

## Straitéis Turasóireachta Bhéal Feirste

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fhoirgneamh nua i mBéal Feirste. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

Cén t-ainm atá ar an long cháiliúil a tógadh i mBéal Feirste timpeall céad bliain ó shin?

Céard ba chúis leis an tubaiste a bhain di?

Ainmnigh na príomhcharachtair a bhain leis an scannán a rinneadh faoin tubaiste sa bhliain 1997.

### Ceist 2

Anois gan féachaint go fóill, déan iarracht na focail Ghaeilge a mheaitseáil leis na focail Bhéarla seo. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.

Preparations \_\_\_\_\_ A mhealladh

Underway \_\_\_\_\_ Macasamhail

Commemoration \_\_\_\_\_ Ullmhúcháin

Sunken \_\_\_\_\_ Faoi lán tseoil

Company \_\_\_\_\_ Cruthaithe

Replica \_\_\_\_\_ Cheana féin

Ship \_\_\_\_\_ Gailearaí

Project \_\_\_\_\_ Cuairteoir

Builders \_\_\_\_\_ Long

Building \_\_\_\_\_ Comhlacht

Created \_\_\_\_\_ Foirgneamh

Area/Region \_\_\_\_\_ Togra

Famous \_\_\_\_\_ Go hoifigiúil

Gallery \_\_\_\_\_ Díolta

Strategy \_\_\_\_\_ Ceantar

To attract \_\_\_\_\_ Clúiteach

Officially \_\_\_\_\_ Straitéis

Already \_\_\_\_\_ Chuaigh sé go tóin poill

Sold \_\_\_\_\_ Tógálaithe

Visitor \_\_\_\_\_ Comóradh

**Ceist 3**

Anois féach ar an mír agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt

1. Cén dáta a ndeachaigh an Titanic go tóin poill?
2. Cén comhlacht a thóg an long?
3. Cén suntas a bhaineann leis an togra seo i gcomhthéacs an Tuaiscirt?
4. Cé mhéad post atá cruthaithe ag an togra seo?
5. Cén abhainn atá in aice an fhoirgnimh?
6. Cé mhéad ticéad atá díolta?
7. Táthar ag súil le cé mhéad cuairteoir sa chéad bhliain?

**Ceist 4**

*'...50 míle ticéad... 400,000 cuairteoir...'*

Déan iarracht na huimhreacha thíos a scríobh ag baint úsáide as an leagan ceart, agus na focail a aistriú go Gaeilge

1. 2 x chairs
2. The 2<sup>nd</sup> injury
3. 5 x people
4. 17 x fields
5. The 20<sup>th</sup> book
6. 7 x cats
7. The 3<sup>rd</sup> year
8. 6 x teachers
9. 1 x pen
10. 15 x years
11. 1<sup>st</sup> place
12. 11 x houses
13. 9<sup>th</sup> time
14. 2 x men
15. 20 x pages
16. 150,000 x words

**Ceist 5**

*'...faoin fhoirgneamh '*

Cén fáth go bhfuil séimhiú ar 'foirgneamh' thuas?

Cén chanúint lena mbaineann an ghné sin den ghramadach?

Anois déan iarracht na gnéithe gramadaí thíos a rangú trí tic a chuir faoin gcanúint chuí.

<b>Gné Ghramadaí</b>	<b>Uladh</b>	<b>Mumhan</b>	<b>Connacht</b>
Faoin ndoras			
Ar an bhus			
Sa mbaile			
Bhíos			
Cén chaoi a bhfuil			
Conas atá			
Cad é mar atá			
Gaolainn			
Gaeilig			
Gaeilge			

**Ceist 6**

Déan an ráiteas thíos a phlé. Is féidir é a úsáid mar rún díospóireachta.

‘Cur amú airgid atá i gceist leis an togra seo. B’fhearr an t-airgead a chaitheamh ar na daoine bochta’.

**Treoracha**

**Ceist 1** An Titanic  
Cnoc oighir  
Leonardo Di Caprio agus Kate Winslet

**Ceist 2** Preparations \_\_\_\_\_ Ullmhúcháin  
Underway \_\_\_\_\_ Faoi lán tseoil  
Commemoration \_\_\_\_\_ Comóradh  
Sunken \_\_\_\_\_ Chuaigh sé go tóin poill  
Company \_\_\_\_\_ Comhlacht  
Replica \_\_\_\_\_ Macasamhail  
Ship \_\_\_\_\_ Long  
Project \_\_\_\_\_ Togra  
Builders \_\_\_\_\_ Tógálaithe  
Building \_\_\_\_\_ Foirgneamh  
Created \_\_\_\_\_ Cruthaithe  
Area/Region \_\_\_\_\_ Ceantar  
Famous \_\_\_\_\_ Clúiteach  
Gallery \_\_\_\_\_ Gailearaí  
Strategy \_\_\_\_\_ Straitéis  
To attract \_\_\_\_\_ A mhealladh  
Officially \_\_\_\_\_ Go hoifigiúil  
Already \_\_\_\_\_ Cheana féin  
Sold \_\_\_\_\_ Díolta  
Visitor \_\_\_\_\_ Cuirteoir

**Ceist 3**

1. Chuaigh an Titanic go tóin poill ar an 12 Aibreán 1912.
2. Thóg an comhlacht Harland and Wolff an long.
3. Is é an togra turasóireachta is daoire a tógadh sa Tuaisceart.
4. Tá os cionn sé chéad post cruthaithe ag an togra seo?
5. Tá an foirgneamh suite in aice le habhainn an Lagáin.
6. Tá caoga míle ticéad díolta.
7. Táthar ag súil le os cionn ceithre chéad míle cuairteoir sa chéad bhliain.

- Ceist 4**
1. Dhá chathaoir
  2. An dara gortú
  3. Cúigear
  4. Seacht bpáirc déag / Seacht ngarraí dhéag
  5. An fichiú leabhar
  6. Seacht gcat
  7. An tríú bliain
  8. Seisear múinteoirí
  9. Peann amháin
  10. Cúig bliana déag
  11. An chéad áit
  12. Aon teach déag
  13. An naoú huair
  14. Beirt fhear
  15. Fiche leathanach
  16. Céad caoga míle focal

**Ceist 5** Is féidir séimhiú nó urú a chur ar fhocail a leanann réamhfhocail chomhshuite.

Baineann an séimhiú le Gaeilge Uladh.

Gné Ghramadaí	Uladh	Mumhan	Connacht
Faoin ndoras		√	
Ar an bhus	√		
Sa mbaile			√
Bhíos		√	
Cén chaoi a bhfuil			√
Conas atá		√	
Cad é mar atá	√		
Gaolainn		√	
Gaeilig	√		
Gaeilge			√

**Ceist 6** Is féidir an ráiteas a phlé nó é a úsáid mar rún díospóireachta.

## **Éimear Ní Chonaola**

Tá ullmhúcháin faoi lán tseoil i mBéal Feirste le comóradh céad bliain a dhéanamh ar an long, an Titanic a chuaigh go tóin Poill an dara lá déag d'Aibreán 1912. Ba sa chathair<sup>1</sup> a thóg an comhlacht Harland and Wolff an long.

## **Áine Ní Ghallchóir**

Bhí bail-chríoch á chur ar a mhacasamhail den long Titanic inniu, an togra turasóireachta ba dhaoire a tógadh i dTuaisceart Éireann. Ní "Déanta i mBéal Feirste" mana a bheidh mórán tógálaithe in ann a úsáid i láthair na huaire ach tá os cionn sé chéad post cruthaithe anseo. Tá Titanic Bhéal Feirste suite in aice le habhainn an Lagáin sa cheantar inár tógadh agus inár seoladh an long chluíteach. Beidh gailearaí san fhoirgneamh ag insint scéal an Titanic agus na ndaoine áitiúla a thóg í.

Tá an foirgneamh sin mar cheann de na foirgnimh is tábhachtaí sa<sup>2</sup> straitéis turasóireachta don Tuaisceart. Tá sé an- .... tá mé cinnte go bhfuil difear idir an foirgneamh sin agus na rudaí eile atá thart, ar an ábhar go bhfuil sé ar intinn ag an fhoirgneamh<sup>3</sup> go bhfuil íomhá thábhachtach<sup>4</sup> faoin fhoirgneamh, go bhfuil daoine ábalta rud a aithint ar fud fad an domhain agus go bhfuil sé chomh difriúil sin go bhfuil sé ag mealladh daoine chuig an áit.

## **Áine Ní Ghallchóir**

Tá foirgneamh an Titanic anseo le hoscailt go hoifigiúil ag deireadh Mhí Mhárta. Cheana féin tá os cionn 50 míle ticéad díolta agus táthar ag súil le os cionn 400,000 cuairteoir ar fad sa chéad bhliain.

Áine Ní Ghallchóir

Nuacht TG4

Béal Feirste

---

<sup>1</sup> Sa gcathair a deirtear sa mhír

<sup>2</sup> insan a deirtear sa mhír

<sup>3</sup> canúint Uladh

<sup>4</sup> tábhachtach a deirtear sa sliocht